


# Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Earcú Uachtaráin

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Meán Fómhair 2024

## An Post

**Teideal an phoist:** An tUachtarán

**Tionacht:** Téarma seasta (suas le 10 mbliana)

**An tÚdarás is Fostóir:** Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**Suíomh:** Gráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath 7, ach freagracht as campais eile i gceist chomh maith

**Suíomh idirlín na heagraíochta:** [www.tudublin.ie](www.tudublin.ie)

## An Eagraíocht

### Sracfhéachaint ar Ollscoil Teicneolaíochta BÁC




## An Ollscoil

Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath in Eanáir 2019 mar an chéad Ollscoil Teicneolaíochta in Éirinn de bhun na bhforálacha reachtacha in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Léiriú is ea scála mór Ollscoil Teicneolaíochta BÁC ar thábhacht na hollscoile san ardoideachas in Éirinn, ollscoil a cuireadh ar bun nuair a rinneadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht agus Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir a chónascadh. Agus timpeall 28,500 mac léinn ag freastal uirthi chomh maith le foireann breis agus 3,000 duine ag obair inti, tá sí ar an dara hOllscoil is mó in Éirinn.

Ós foras bronnta céime atá san ollscoil, tá cúrsaí in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC a oireann do mhic léinn ar gach leibhéal ó Leibhéal 6 go Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Cuirtear fáilte roimh mhic léinn ó gach tír agus ó gach cúlra chuig Ollscoil Teicneolaíochta BÁC mar chuid dár n-aidhm go mbeidh an ollscoil ionchuimsitheach agus go mbeidh éagsúlacht inti. Is i dtíortha seachas Éire a rugadh 20% de mhic léinn reatha na hOllscoile agus is trí bhealaí iontrála seachas na gnáthbhealaí atá 15% acu tar éis teacht chugainn. Dréimire atá sa chóras oideachas atá againn a fhágann go bhfuil mic léinn in ann teacht isteach agus imeacht ar an leibhéal is fearr a oireann dá n-ullmhacht don ardoideachas. Leis an gcóras seo, tugtar an deis is fearr do mhic léinn barr a gcumais a bhaint amach.

Tá an Ollscoil neadaithe go domhain i réigiún Bhaile Átha Cliath ar bhonn eacnamaíoch agus sóisialta agus í lonnaithe ar thrí champas agus ar chúig láithreán i mBaile Átha Cliath, is iad sin Gráinseach Ghormáin, Sráid Bolton, Sráid Aungier, Baile Bhlainséir agus Tamhlacht. Tá sciar mór de dhaonra iomlán an stáit lonnaithe sa réigiún seo, réigiún a bhfuil na rátaí is airde den fhás daonra, imirce inmheánach agus de dheiseanna eacnamaíocha le fáil ann. Mar gheall ar shuntas láidir Ollscoil Teicneolaíochta BÁC sa réigiún, tá sí in ann gach leas a bhaint as comhar agus as a tionchar go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Is in Ollscoil Teicneolaíochta a thagann na caighdeáin acadúla is fearr sna heolaíochtaí, sna ealaíona, sa ghnó, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht le chéile le ceannairí a fhorbairt don am atá romhainn. Bíonn na mic léinn atá againn i mbun foghlama i gcultúr atá bunaithe ar chleachtas agus atá fréamhaithe sa taighde is úire agus i bhforbairt na teicneolaíochta. Tá conairí ann le cáilíochtaí a bhaint amach ó leibhéal printíseachta go PhD. Tá an pobal bríomhar taighde atá againn gníomhach ag obair leis an nuálaíocht agus an teicneolaíocht a úsáid chun cuid de na dúshláin is mó ar domhan a réiteach, iad ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe acadúla náisiúnta agus idirnáisiúnta agus leis na líonraí ar fad atá againn san earnáil tionsclaíochta agus sa tsochaí shibhialta. Cuireann ár mbaill foirne dhíograiseacha fáilte roimh mhic léinn Ollscoil Teicneolaíochta BÁC i gcultúr foghlama ionchuimsitheach, cultúr ina bhforbraíonn na mic léinn mar scoláirí smaointeacha leathanaigeanta domhanda a bheidh freagrach go sóisialta agus uaillmhianach leis an saol a athrú chun feabhais. Beidh siad treallúsach agus dásachtach i ngach a ndéanfaidh siad mar chéimithe, iad breá ullamh lena sciar féin a dhéanamh leis an saol a athrú ó bhonn.

Is mar thoradh ar fhís agus aistear comhchoiteann i dtreo Ollscoil Teicneolaíochta a mbeadh cáil idirnáisiúnta uirthi atá Ollscoil Teicneolaíochta BÁC againn, áit a ndéantar forbairt ar na caighdeáin arda a bhí sna trí institiúid ónar bunaíodh í. Agus clú uirthi as sármhaitheas acadúil atá bunaithe ar chleachtas agus atá fréamhaithe sa taighde, bíonn Ollscoil Teicneolaíochta BÁC ag plé le dreamanna réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda trí bhíthin taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta. Tá fís don Ollscoil le saol níos fearr a fhorbairt le chéile leagtha amach i Rún Straitéiseach 2030 agus Plean Straitéiseach 2024-2028 na hOllscoile. Is é is aidhm don Ollscoil torthaí fiúntacha a bhaint amach sa timpeallacht shocheacnamaíoch go ginearálta de thairbhe iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhfuil suntas teicneolaíoch, eacnamaíoch agus sochaíoch ag baint leo. Tá Ollscoil Teicneolaíochta BÁC ag féachaint le fís na hollscoile a bhaint amach ar bhealaí comhoibríocha ionchuimsitheacha a bheidh ag síorathrú agus, san am céanna, a bheidh ceannródaíoch.

Agus cuid de na deacrachtaí is práinní ar domhan á réiteach, chomh maith le héirí ullamh le leas a bhaint as deiseanna a thiocfaidh chun cinn, beidh Plean Straitéiseach 2024-2028 Ollscoil Teicneolaíochta BÁC fós bunaithe ar na trí cholún lárnacha atá againn, is iad sin Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht.

- Daoine: Samhlaíocht mac léinn, ball foirne agus comhpháirtithe a spreagadh agus tacú le daoine a gcuid inniúlachtaí a fhiosrú agus a gcumas iomlán a bhaint amach.
- Domhan: Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an domhain agus tionchar dearfach a bheith againn ar an domhan agus ar dhaoine, an t-oideachas mar inneall againn.
- Comhpháirtíocht: An ollscoil is nasctha a fhorbairt; líonra fionnachtaithe, cruthaitheoirí agus fiontraithe a chothú; teagmháil a dhéanamh le daoine a n-éiríonn leo rudaí a chur i gcrích.

Nuair a chuirtear san áireamh fairsinge faoi leith na gclár atá á dtairiscint in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC mar aon leis an dlúthchomhar atá againn leis an earnáil tionsclaíochta agus leis na gairmeacha, tuigtear nach bhfuil a shárú le fáil ar an múnla foghlama ó thaithí a úsáidtear le cláir mhúinte a chur i láthair, ó phrintíseachtaí go céimeanna Máistir. Déantar eolas agus tuiscintí nua a fhorbairt i gcláir thaighde Mháistir agus PhD agus cuirtear eolas breise ar fáil do shaothrú an oideachais mar chuid de chéimeanna taighde atá bunaithe ar an earnáil tionsclaíochta. I

gcomhthéacs Ollscoileanna in Éirinn, an ghné faoi leith a bhaineann le hOllscoil Teicneolaíochta BÁC ná go bhfuiltear in ann gach leas a bhaint as plé leis an earnáil tionsclaíochta i ngach leibhéal den teagasc agus den taighde chun cur leis an taithí foghlama agus le cáil acadúil na hollscoile.

Tá pobal bríomhar taighde ag obair in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC chun fuascailtí nuálacha teicneolaíochta a dhearadh, tuiscintí eolaíochta a fhorbairt, dul i bhfeidhm ar lucht déanta beartas, chun cur leis an saol cruthaitheach in Éirinn agus thar lear, agus le machnamh a dhéanamh ar an saol cruthaitheach sin. Tá an méid seo ag teacht leis an bhfís atá againn na fadhbanna is práinní ar domhan a réiteach agus tús áite a thabhairt do na ceisteanna seo go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda. Bíonn an Ollscoil ag tacú go gníomhach le hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta atá ar bun i ngach gné de na réimsí leathana disciplíní atá á gcíoradh i ngach ceann de na cúig dámh atá againn in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC. Tá tús áite á thabhairt sa taighde a dhéantar san Ollscoil do réimsí atá ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe áirithe:

- Cultúr, Nuáil agus Ionchuimsitheacht i Sochaí atá ag Athrú
- Sláinte agus Folláine i Sochaí faoi Bhláth
- Ábhair agus Teicneolaíochtaí don Athrú Inbhuanaithe
- Córais Bhia Inbhuanaithe agus Cosaint an Chomhshaoil
- Réitigh Dhigiteacha Bhunathraitheacha

Má chuirimid ár n-iarrachtaí i gceann a chéile ar bhealach trasdisciplíneach, déanfar an feabhas agus an tionchar ó thorthaí taighde san Ollscoil a threorú agus a shoiléiriú.

Táthar ag cur go mór le háiseanna tógtha Ollscoil Teicneolaíochta BÁC. Tá foirgnimh acadúla, thaighde, spóirt agus áineasa nua á bhforbairt le go gcuirfear breis agus 200,000 méadar cearnach de spás úr ar fáil. Tá sé seo ar cheann de na forbraíochtaí bonneagair is mó san ardoideachas in Éirinn, forbraíocht dá dtugtar tús áite sa Phlean Forbartha Náisiúnta, 2021-2030.

Sprioc thábhachtach atá in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC ná go gcuirfear le tírdhreach cultúrtha an phobail áitiúil, lena n-áirítear Conservatoire Ollscoil Teicneolaíochta BÁC ina gcuirtear i láthair léirithe, ceolchoirmeacha agus ceadail a chuireann le saol cultúrtha phobail na háite. Tugtar deiseanna do cheoltóirí agus ealaíontóirí oilte go minic sna himeachtaí seo, agus faigheann daoine sa phobal blaiseadh de réimse stíleanna ceoil agus léirithe a spreagann grá don cheol agus ina ndéantar bua don cheol a chothú i measc daoine óga.

Tá Ollscoil Teicneolaíochta ina ball de Chumann Ollscoileanna Éireann agus de Chumann Eorpach na nOllscoileanna. Tá sí ina ball chomh maith de Chomhlachas Eorpach na nOllscoileanna Cianteagaisc. Is éard atá in Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa (EUT+) comhghuaillíocht de naoi gcinn d’ollscoileanna teicneolaíochta Eorpacha i naoi dtír ina gcuirtear oideachas ar 110,000 mac léinn ar fad.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Teicneolaíochta BÁC atá tiomanta do bheartais, nósanna imeachta agus cleachtais fostaíochta nach ndéantar idirdhealú iontu ar fhorais mar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, creideamh, gnéaschlaonadh ná ar an ábhar gur den lucht siúil duine.

## Sonraíocht Poist

Tá Ollscoil Teicneolaíochta BÁC ag lorg iarratasóirí faoi láthair le hiarratas a dhéanamh ar ról an Uachtaráin. Beidh an ról mar Uachtarán ina ról lárnach san earnáil ardoideachais in Éirinn agus an Ollscoil ina spreagadh suntasach don fhás eacnamaíoch réigiúnach agus náisiúnta i dtréimhse a bhfuil athruithe suntasacha ag titim amach san earnáil.

Beidh an té a cheapfar mar phríomhoifigeach agus duine cuntasach na hOllscoile mar Uachtarán, ról ina gcloífear leis an gcód cleachtais chun comhlachtaí poiblí a rialú. Ceannaire cruthanta cumasach a bheidh sa té a cheapfar, duine a léiríonn scileanna breátha líonraithe, cumarsáide, comhoibrithe agus anailíse. Beidh an duine a cheapfar ag tuairisciú don Bhord Rialúcháin agus ag obair i gcomhréir leis an gcreat reachtach in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 agus Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022. Scoláire a bhfuil ardmheas air nó uirthi a

bheidh sa té a cheapfar, duine atá i ndiaidh a léiriú gur ceannaire dúthrachtach, smaointeach, éifeachtach, díograiseach é nó í, duine atá in ann aislingí misniúla a fhíorú.

## Príomhfhreagrachtaí

Beidh na réimsí freagrachta seo a leanas i gceist le ról an Uachtaráin, ach ní bheidh sé teoranta dóibh:

- Ceannaireacht feidhmiúcháin, acadúil agus ionadaíoch a thabhairt in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC.
- Cultúr bunaithe ar mheas, iontaoibh, comhar, tuiscint, comhfhreagracht agus rúndaingne a fhorbairt i ngach gné d'Ollscoil Teicneolaíochta BÁC.
- An Ollscoil a threorú i dtreo inbhuaine airgeadais le go mbeidh sí in ann leanúint ar aghaidh agus a bunchuspóir a bhaint amach, is é sin oideachas, taighde agus nuálaíocht atá difreáilte agus bunaithe ar chleachtas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, fiontair agus don tsochaí go ginearálta.
- Sruthanna maoinithe le haghaidh Ollscoil Teicneolaíochta BÁC a éagsúlú le go mbeidh cistí iomaíocha taighde, gealltanas daonchairdiúil agus tráchtálú mar chuid díobh.
- Comhoibriú láidir a spreagadh leis an earnáil tionsclaíochta chun taighde san Ollscoil a thráchtálú agus le forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an earnáil tionsclaíochta le go mbeidh deiseanna foghlama bunaithe ar chleachtas ag mic léinn sa saol oibre.
- Ceannaireacht a thabhairt i bhfeachtas suntasach plé le páirtithe leasmhara seachtracha chun Ollscoil Teicneolaíochta BÁC a chur i láthair os comhair réimse leathan dreamanna, lena n-áirítear an earnáil tionsclaíochta agus lucht déanta beartas; céimithe agus mic léinn ionchasacha; comhlachtaí stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha seachbhrabúsacha; an saol acadúil in Éirinn agus go domhanda chomh maith leis an bpobal go ginearálta in Éirinn.
- Caighdeáin arda sa teagasc agus san fhoghlaim in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC a chothú, a fheabhsú agus a aithint.
- Sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid go córasach le bonn eolais a chur ar fáil ar a mbeidh cinntí bunaithe chun taighde san institiúid a fheabhsú. Gnéithe áirithe d'oibríochtaí, feidhmíocht agus torthaí Ollscoil Teicneolaíochta BÁC a mheas le héifeachtacht na hinstitiúide a fheabhsú agus chun tacú le pleanáil, forbairt polasaithe agus tionscnaimh straitéiseacha.
- Cur le hearcaíocht mac léinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Cur leis an iomaíochas a bhaineann leis na cláir pháirtaimseartha, ghairmiúla agus iarchéime a thairgtear san Ollscoil chun cuid níos fearr den mhargadh a bhaint amach sna grúpaí seo de mhic léinn.
- Réimsí a bhfuil láidreachtaí iontu cheana féin chomh maith le réimsí a bhfuil deiseanna forbartha iontu a shonrú d'fhonn próifíl láidir taighde a thuilleamh don Ollscoil, agus saothrú chun cur leis an maoiniú taighde a fhaightear ó fhoinsí in Éirinn, foinsí Eorpacha agus foinsí idirnáisiúnta.
- Cothromaíocht inscne agus comhionannas deiseanna a chothú i measc mhic léinn agus bhaill foirne na hOllscoile.
- Tionchar idirnáisiúnta na hOllscoile a fhorbairt, lena n-áirítear caidrimh Thuaidh-Theas in Éirinn, caidrimh leis an Ríocht Aontaithe agus caidrimh Eorpacha; ceannaireacht a thabhairt i ngníomhaíochta for-rochtana domhanda na hOllscoile.
- Cultúr den oscailteacht agus den trédhearcacht a fhorbairt ina gcuirfear eolas ar fáil go héasca, a mbeidh cumarsáid shoiléir ann agus ina mbeifear in ann próisis chinnteoireachta a iniúchadh. Má bhíonn cultúr den chineál sin ann, cuirfear le muinín agus le rannpháirtíocht i measc na mball ar fad san eagraíocht.
- Ceannaireacht a thabhairt chun an chéad phlean eile don fhorbairt straitéiseach a chur le chéile.
- Freastal ar chruinnithe den Bhord Rialúcháin agus, nuair is gá, cruinnithe de Choiste an Bhoird Rialúcháin.
- An fhreagracht a chomhlíonadh, faoin reachtaíocht agus i gcomhthéacsanna eile, chun freastal ar chruinnithe den Oireachtas, cruinnithe de Choistí an Oireachtais san áireamh, leis na comhaltaí a chur ar an eolas faoi obair na hOllscoile.

- Buiséad bliantúil a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, é sin mar thoradh ar dhlúthchomhar leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus le baill foirne thábhachtacha eile.
- Córas láidir rialuithe airgeadais agus iniúchta a choinneáil ar bun chomh maith le cultúr ina mbítear sa tóir ar luach ar airgead.

## Sonraíocht faoin bPearsa

Táthar sa tóir ar dhuine den chéad scoth leis an ról dúshlánach seo a chomhlíonadh. Beidh ar an té a cheapfar na nithe seo a leanas a léiriú:

### Réamhriachtanais

Beidh ar an té a n-éireoidh leis nó léi fianaise ar na rudaí seo a leanas a léiriú:

- Stair acadúil shuntasach, cáilíocht PhD san áireamh
- Taithí ar oibriú ar leibhéal sinsearach ceannaireachta in eagraíocht chasta agus an-taithí ar cheannaireacht éifeachtach a thabhairt agus athrú straitéiseach a bhaint amach in eagraíocht mhór
- Eolas cuimsitheach ar thírdhreach an Ardoideachais, agus taithí ar bhainistiú acmhainní daonna, bainistiú airgeadais agus ar oibríochtaí ar leibhéal sinsearach san ardoideachas nó in earnálacha gaolmhara
- Eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an timpeallacht náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta agus ar fhoinsí den mhaoiniú poiblí agus príobháideach chun rian taighde na hOllscoile a fhás
- Obair a dhéanamh ar leibhéal sinsearach ceannaireachta sa Rialtas, san Earnáil Phoiblí, in eagraíocht sheachtrach nó san earnáil tionsclaíochta, agus le ceannairí ar an leibhéal sin
- Taithí chruthaithe ar chaidrimh láidre, fhiúntacha, inbhuanaithe a fhorbairt le réimse leathan páirtithe leasmhara a bhaineann leis an ardoideachas, cuir i gcás mic léinn, baill foirne, boird rialúcháin nó a gcomhionann, coistí bainteacha, maoinitheoirí, rialtóirí, gníomhaireachtaí Rialtais agus stáit, comhpháirtithe tionsclaíochta agus sóisialta, institiúidí acadúla eile agus céimithe
- Eolas ar shainchúram réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta na hOllscoile, a chuimsíonn an bhéim a leagtar ar chomhoibriú idirnáisiúnta agus ar earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta
- Tuiscint chuimsitheach ar na freagrachtaí reachtacha, airgeadais agus rialachais a bhaineann leis an ról, lena n-áirítear struchtúr iontaofa a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht airgeadais agus eagraíochta a thomhas, a bhainistiú agus a thuairisciú ar bhonn tráthúil
- An cumas le ceannaireacht a thabhairt chun pleananna straitéiseacha agus airgeadais na hOllscoile a chur i bhfeidhm, a chuimsíonn foinsí ioncaim atá ann cheana a fhás chomh maith le sruthanna nua ioncaim a fhorbairt

### Riachtanais Bhreise

Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh an té a cheapfar in ann fianaise ar na rudaí seo a leanas a léiriú:

- Tuiscint cheart ar bhunchuspóir agus fís Ollscoil Teicneolaíochta BÁC agus ar an staid faoi leith atá ag an ollscoil san ardoideachas in Éirinn, agus comhbhá leis na gnéithe sin
- Léiriú ar chumas agus ar chlaonadh chun bheith ag obair go comhghleacúil, go comhoibríoch agus ar leibhéil arda den éirim mhothúchánach
- Taithí ar cheannaireacht a thabhairt le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn agus a chosaint
- Scileanna éifeachtacha cumarsáide, abhcóideachta, idirbheartaíochta agus éisteachta

## Príomhinniúlachtaí

Caidrimh a bhainistiú

Smaointeoireacht straitéiseach

Dírithe ar thorthaí a bhaint amach

Ina (h)eiseamláir maidir le bunluachanna na Seirbhíse Poiblí

Saineolas speisialaithe agus féinfhorbairt

## Coinníollacha Seirbhíse

### Tionacht

Tá an post á thairiscint ar bhonn conradh a mhairfidh 10 mbliana ar a mhéad.

### Íocaíocht

Déantar an tuarastal don ról a shocrú agus tagairt á déanamh do leibhéil tuarastail an Uachtaráin ar Ollscoil Teicneolaíochta BÁC i gcomhréir le ciorcláin ón Rialtas a bhaineann le cúrsaí tuarastail ó am go chéile. Tuarastal inphinsin atá ann i gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin náisiúnta lena mbaineann. Go díreach mar léiriú, agus ag féachaint do théarmaí agus coinníollacha na Roinne, de réir Chiorclán Uimh. 002 de 2024 ón Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, is é €238,332 sa bhliain an scála tuarastail don Uachtarán ar Ollscoil Teicneolaíochta BÁC ón 1 Meitheamh 2024 ar aghaidh.

### Promhadh

Beidh an fhostaíocht faoi réir tréimhse phromhaidh naoi mí. Déanfar monatóireacht agus breithmheas ar chomhlíonadh dualgas le linn na tréimhse seo. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Bord Rialúcháin athbhreithniú ar fheidhmíocht fad a mhairfidh téarma an cheapacháin, uair sa bhliain ar a laghad, i gcomhréir le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 arna leasú le halt 89 d'Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022.

### Suíomh

Beidh an ról lonnaithe i nGráinseach Ghormáin Íochtarach, Baile Átha Cliath 7, D07 H6K8. Beidh tréimhsí ag an Uachtarán ar gach ceann de na trí champas agus beidh freagrach astu.

### Uaireanta freastail

Socrófar na huaireanta freastail ar champais na hOllscoile in Éirinn ó am go chéile ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine i gceist (35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine). Ceapachán lánaimseartha 5 lá sa tseachtain atá ann. Beidh ar an Uachtarán uaireanta breise oibre a dhéanamh ó am go chéile de réir mar is réasúnach agus is gá le dualgais an róil a chomhlíonadh de réir mar is cuí faoi réir teorainneacha atá leagtha síos sa reachtaíocht maidir le heagrú ama oibre. Cumhdaíonn ráta an luacha saothair is iníoctha aon dliteanas maidir le freastal breise a d'fhéadfadh éirí ó am go ham.

### Saoire bhliantúil

Saoire bhliantúil 30 lá a ghabhann leis an ról. Tá an liúntas seo bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá gan saoirí poiblí a chur san áireamh ann.

### Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha atá i gceist. Ní cheadófar do shealbhóir an phoist dul i mbun cleachtas príobháideach ná aon nasc a choinneáil le haon gnó seachtrach a bheadh ag teacht salach ar chomhlíonadh dhualgais oifigiúla an róil. Beidh cead roimh ré ón mBord Rialúcháin ag teastáil chun bheith mar Chomhalta ar Bhoird.

### An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 leis an gceapachán seo, nuair is iomchuí. Leagfar amach breis eolais ar na coinníollacha fostaíochta sa chonradh fostaíochta don iarrthóir rathúil.

### Coinníollacha eile fostaíochta

Léirítear sa mhéid thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse, agus níl sé ceaptha a bheith mar liosta uileghabhálach

de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile. Leagfar amach na téarmaí agus coinníollacha sin sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an gceapaí.

## Cén chaoi iarratas a dhéanamh

Tá Forvis Mazars ar áirithíocht ag Bord Rialúcháin Ollscoil Teicneolaíochta BÁC chun cabhrú leis an mBord duine a cheapadh i ról an Uachtaráin. Thar ceann Ollscoil Teicneolaíochta BÁC, tá Forvis Mazars ag cur fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá cáilithe mar is cuí i bpróiseas cuimsitheach earcaíochta mar chuid den chomórtas seo.

Is é Forvis Mazars a dhéanfaidh gach gné den tionscadal earcaíochta seo a bhainistiú thar ceann Ollscoil Teicneolaíochta BÁC. Níor chóir aon cheisteanna a chur go díreach chuig Ollscoil Teicneolaíochta BÁC agus níor chóir aon chanbhásáil a dhéanamh.

Ba cheart an t-iarratas a chur isteach ar líne agus na nithe seo a leanas a bheith ina theannta:

1. Litir chumhdaigh ina dtabharfar achoimre ar an tslí a bhfuil na critéir thuas á gcomhlíonadh agat, ar na cúiseanna a bhfuil dúil agat sa ról agus ar an méid a chuirfeá leis an ról, dar leat;
2. CV cuimsitheach agus cuntas soiléir ann ar na héachtaí cuí agus ar an taithí chuí atá bainte amach agat.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirtear isteach go hiomlán ar líne.

Is féidir cur isteach ar an ról seo ach dul chuig www.forvismazars.com/ie/en/executiverecruitment agus cuardach a dhéanamh ar an tagairt TUD0124

### An Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:** Dé Luain, an 14 Deireadh Fómhair 2024 ar mheán lae (am na hÉireann).

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta/spriocama.

Eiseofar ríomhphost admhála le haghaidh gach iarratais a sheoltar isteach. Mura bhfaigheann tú admháil ar d’iarratas taobh istigh de 24 uair an chloig tar éis duit é a chur isteach, iarrtar ort teagmháil ríomhphoist a dhéanamh le Foireann Earcaíochta Feidhmeannach Forvis Mazars (execrecruit@mazars.ie) lena chinntiú go bhfuiltear tar éis d’iarratas a fháil.

### Agallaimh

Cuirfear sonraí agallaimh in iúl d’iarrthóirí a luaithe agus is féidir. Tá an chéad bhabhta agus an babhta deireanach d’agallaimh sceidealaithe go sealadach faoi láthair le bheith ar siúl Dé Sathairn an 2 Samhain agus Dé Sathairn an 23 Samhain 2024. Ba chóir d’iarrthóirí a dheimhniú go bhfuil na sonraí teagmhála cearta acu ar an bhfoirm iarratais.

### Socruithe réasúnta

Cuirtear an-bhéim ar an éagsúlacht, ionchuimsiú agus comhionannas ar gach leibhéal den eagraíocht in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC. Ba cheart d’iarrthóirí a dteastaíonn socruithe réasúnta uathu ar chéim ar bith den chomórtas roghnúcháin na riachtanais sin a chur in iúl. Maidir le fiosrú ar bith faoi aon mhíchumas nó faoi rud eile ar féidir aghaidh a thabhairt air trí shocruithe réasúnta den chineál sin; is féidir iad a sheoladh chuig execrecruit@mazars.ie nó glao a chur ar +353 (1) 4494400.

### An próiseas roghnúcháin

Féadfar an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnúcháin[1]:

[1] Tá an próiseas earcaíochta do ról an Uachtaráin ar Ollscoil Teicneolaíochta BÁC á eagrú i gcomhréir leis na próisis agus treoirlínte atá ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

- Forchoimeádann Ollscoil Teicneolaíochta BÁC an ceart chun iarratais a ghearrliostú.
- Cuirfear beart i gcrích bunaithe ar na doiciméid a bheidh curtha ar fáil agat agus déanfar measúnú lena fháil amach an bhfuil d'iarratas ag teacht leis na critéir agus leis an tsonraíocht thuasluaite don ról agus don duine a cheapfar.
- Beidh aon eolas a chuirfidh tú ar fáil lárnach sa phróiseas gearrliostaithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh aon chinneadh a dhéanfadh Ollscoil Teicneolaíochta le thú a chur san áireamh ar ghearrliosta na n-iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas bunaithe ar an eolas seo.
- B'fhéidir go ndéanfaí teagmháil le hiarrthóirí go neamhfhoirmiúil roimh phróiseas na n-agallamh chun soiléiriú a lorg maidir le gnéithe dá dtaithí nó cáilíochtaí.
- Tabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh siúd ar ghearrliosta iarrthóirí.
- Ní fhéadfaidh Ollscoil Teicneolaíochta ligean isteach sa chomórtas ach daoine ar cosúil go mbainfidh siad amach caighdeán sásúil sa chomórtas le go bhfaighidís roghnúchán agus moladh lena gceapadh mar Uachtarán.
- Féadfar agallaimh ar bhonn inniúlachta a úsáid nó cineálacha eile agallamh. Beidh deis ag iarrthóirí cur i láthair a dhéanamh san agallamh ina dtabharfaidh siad an fhís atá acu d'Ollscoil Teicneolaíochta BÁC.
- Níor chóir a thuiscint má ghlactar duine isteach i gcomórtas ná má fhaigheann duine cuireadh le freastal ar agallamh gur deimhin le hOllscoil Teicneolaíochta BÁC go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an róil ná nach bhfuil an duine dícháilithe de réir dlí an post a ghlacadh, agus ní thugtar aon dearbhú lena leithéid go ndéanfar d'iarratas a mheas a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, mar sin, go dtabharfá faoi deara go bhfuil sé de dhualgas ortsa a dheimhniú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh.
- Cuirfear agallaimh i gcrích thar ceann Bhord Rialúcháin Ollscoil Teicneolaíochta BÁC. Déanfaidh Coiste Roghnúcháin an Uachtaráin measúnú ar na láidreachtaí atá ag iarrthóirí (ach amháin má dhéantar iad a mheasúnú ar shlí eile) i dtaca le nithe dá dtagraítear sna cáilíochtaí atá leagtha síos agus in aon nithe ábhartha eile.
- Forchoimeádann Ollscoil Teicneolaíochta an ceart chun uimhir agus ord gach céime sa phróiseas roghnúcháin a athrú de réir mar a rachaidh an comórtas ar aghaidh.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh ar iarrthóirí aon tástálacha nó tascanna eile a dhéanamh de réir mar a mheasfadh Coiste Roghnúcháin Uachtaráin an Bhoird Rialúcháin a leithéid a bheith cuí, tástáil shíciméadrach san áireamh, ach gan a bheith teoranta don chineál sin tástála.
- Déanfar seiceálacha ar theistiméireachtaí agus ar mhacántacht acadúil.
- Beidh an t-iarrthóir faoi réir ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus seiceálacha cúlra chomh maith.

## Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh eile go gcuirfear san áireamh iad ag iarrthóirí nach gcríochnóidh ná nach gcuirfidh isteach aon mheasúnuithe roimh an dáta sonraithe, ag iarrthóirí nach bhfreastalóidh ar aon chéim ná nach dtabharfaidh faoi aon chéim den phróiseas roghnúcháin mar a iarrfar orthu, ná ag iarrthóirí nach gcuirfidh ar fáil aon fhianaise mar a iarrfar orthu de réir mar a theastódh a leithéid ina gcás mar iarrthóirí.

## Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreata cosanta sonraí a bhí ann roimhe sin faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí. Tá an fhaisnéis phearsanta (na sonraí pearsanta) atá á bailiú ar an bhfoirm iarratais, aon cheanglais san áireamh (lena n-áireofaí, b'fhéidir, bailiú sonraí pearsanta íogaire) á bailiú d'fhonn an t-iarratas seo a phróiseáil. Tá aon sonraí a bhaileofar faoi réir na rialachán.

## Faisnéis Ghinearálta

### Costais

Ní bheidh Ollscoil Teicneolaíochta BÁC freagrach as aon chostais a thabhóidh iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta a aisíoc.

### Obair in Éirinn

Tá fáilte roimh iarratasóirí cáilithe ar fud na cruinne cur isteach ar an ról seo. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar Ollscoil Teicneolaíochta BÁC as a dheimhniú go bhfuil na fostaithe ar fad san ollscoil i dteideal oibriú in Éirinn. Más infheidhme, beidh ar iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi cead/víosa oibre bailí a chur isteach ar a mbeidh deimhniú go bhfuil cead ag an duine sin ó údaráis na hÉireann chun bheith ag obair in Éirinn mar Uachtarán ar Ollscoil Teicneolaíochta BÁC. Mura n-éiríonn leis an duine sin a leithéid a sholáthar, cuirfear an t-iarratas ar fhostaíocht nó an tairiscint/conradh fostaíochta ar neamhní.

### Seiceáil Teistiméireachtaí

Tabhair faoi deara go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a dhéanfar le hiarrthóir rathúil faoi réir teistiméireachtaí agus cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla, chomh maith le foilseacháin, a bheith dearbhaithe go sásúil.

### Rúndacht

Léireofar meas ar rúndacht na n-iarrthóirí ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire, áfach, go gcuirfear an t-ábhar ar fad san iarratas ar fáil dóibhsean in Ollscoil Teicneolaíochta BÁC atá freagrach go díreach as an bpróiseas earcaíochta.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfaí faisnéis a thabharfá mar chuid de d'iarratas a úsáid mar chuid dár méadrachtaí éagsúlachta, comhionannais agus ionchuimsitheachta faoi mar a bhainfeadh leis an bhfeachtas seo, na sonraí sin anaithnidithe.

### Comhlíonadh an dlí

Tá Forvis Mazars agus Ollscoil Teicneolaíochta BÁC dúthrachtach faoin reachtaíocht ábhartha ar fad a chomhlíonadh i gcaitheamh an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 - 2018 agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014.